Foras Taighde ar Oideachas
Educational Research Centre

CÓRAS TÁSTÁLA AR LÍNE DHROIM CONRACH

Is cúis áthais don Fhoras Taighde ar Oideachas seoladh ár n-ardáin mheasúnaithe ar líne nua a fhógairt:

ERC DOTS (Coras Tástála ar Líne Dhroim Conrach)

- **Ar fáil le húsáid ag scoileanna ó Aibreán 2021**
- **Áirítear ann Trialacha Dhroim Conrach (Trialacha Bunscoile nua don Léitheoireacht agus don Mhatamaitic, na noirm déanta in 2018) agus trialacha Iar-Bhunscoile don Léitheoireacht, don Mhatamaitic agus don Réasúnaíocht (na noirm déanta in 2016)**

TUILLEADH EOLAIS:

Féach **tests.erc.ie** | Seol ríomhphost chuig **dots@erc.ie** le ceisteanna ar bith nó chun aisghlaoch a shocrú

PRÍOMHTHRÉITHE NA ERC DOTS

- Tá an córas nua ERC DOTS:
  - **forbartha in Éirinn, go sonrach le húsáid i scoileanna na hÉireann.**
  - comhtháite go hiomlán, ionas gur **féidir le múinteoirí daltaí a chur leis, tástálacha a cheannach, seisiúin tástála a chur ar bun, lámhleabhair a rochtain, monatóireacht a dhéanamh ar sheisiúin tástála bheo, agus tuairiscí a fháil, ar fad ó shuíomh amháin.**
  - **dírithe ar rannpháirtíocht daltaí trí ábhar trialach ardcháilíochta agus spéisiúil** agus le comhéadan tástála tarraingteach. Is dóichí go dtiocfaidh toisí cruinne ar a bhfuil beartaithe ó thástálacha de bharr ard-rannpháirtíochta.
  - ag soláthar **leaganacha éagsúla de gach triail,** a chuireann cosc ar an gcoipeáil. Cuidíonn sé seo freisin le daltaí díriú ar a gcuid oibre féin agus bíonn leibhéil rannpháirtíochta níos airde dá bharr.
  - scamall-bhunaithe, lán-chomhtháite agus slán. **Déantar freagraí a shábháil de réir mar a bhogann daltaí ar aghaidh,** ionas nach gcaillfear sonraí, fiú má theipeann ar an nasc idirlín.
  - **scáileáin athbhreithnithe agus amadóir ionsuite** chun dea-chleachtais tástála a éascú (m.sh. dul siar chuig ceisteanna a fágadh ar lár).
  - éasca le húsáid. **Gheofar teacht ar na tástálacha trí bhrabhsálaithe gréasáin caighdeánacha** (m.sh. Safari, Chrome, Firefox, nó Internet Explorer). **Ní gá aon rud a íoslódáil nó a shuiteáil.**
  - **inoibrithe ar aon ghaireas** (táibléid, ríomhairí glúine, iPad, Chromebook, ríomhairí deisce). Níl gá le haon bhogearra speisialtóra ná méarchlár ar leith.
  - ag baint úsáide as na forbairtí is déanaí sa teicneolaíocht, gan cur as don mhéid atá á mheas. **Níl gá ag daltaí ach le scileanna bunúsacha TF.** Treoraítear iad trí shraith **treoracha shimplí agus ceisteanna samplacha,** le leideanna, sula dtosaíonn aon tástáil.
  - **ag cloí le slándáil sonraí (comhlíontach le GDPR).** Tá an rochtain theoreanta d'úsáideoirí ceadaithe, agus stóráiltear na sonraí go léir ar fhreastalaí slán atá lonnaithe in Éirinn.
  - ag ceadú trialacha a **scóráil go huathoibríoch. Féadfaidh múinteoirí tuarascáil a phriontáil nó a shábháil chomh luath agus a bheidh an seisiún tástála críochnaithe.**
- **Tá na noirm thástála ar ERC DOTS cothrom le dáta,** ag léiriú athruithe le déanaí ar fheidhmíocht sa Bhéarla agus sa mhatamaitic go náisiúnta agus measúnú níos cruinne ar ghnóthachtáil daltaí.
- Forbraíodh gach ábhar ar ERC DOTS le blianta beaga anuas, rud a chiallaíonn go mbíonn **ábhar cothrom le dáta a léiríonn eispéiris éagsúla** leanaí in Éirinn inniu á úsáid.

Más úsáideoir nua tú, déan teagmháil leis an ERC (**dots@erc.ie**) chun clárú ar ERC DOTS.

Má bhí ár dtástálacha ar líne in úsáid agat roimhe seo (roimh 2021), beidh aon chreidmheasanna tástála nár úsáideadh ar fáil don scoil ar an gcóras nua.

Nuair a bheidh tú cláraithe, féadfaidh tú tástálacha a cheannach agus seisiún tástála a chur ar bun láithreach do na daltaí ag **schooladmin.erc.ie**.

TRIALACHA BUNSCOILE

€3 ar gach triail a dhéantar

Ar fáil do Ranganna 3 go 6.

- An **Drumcondra Primary Reading Test** (DPRT) (na noirm déanta in **2018**).
  - Bunaithe ar raon leathan téacsanna agus measúnú ar raon leathan scileanna próisis chognaíoch.
- An **Drumcondra Primary Maths Test** (DPMT) (**2018**).
  - Ábhar na trialach nuafhorbartha agus caighdeánaithe, rud a chiallaíonn go léiríonn na noirm go cruinn na leibhéil ghnóthachtála reatha i scoileanna na hÉireann.
- **Triail Nua Dhroim Conrach sa Mhatamaitic do Bhunscoileanna** (TMDB) (**2018**)
  - Tá ábhar na trialach nuafhorbartha agus caighdeánaithe, rud a chiallaíonn go léiríonn na noirm leibhéil ghnóthachtála reatha go cruinn i scoileanna a fheidhmíonn trí Ghaeilge.

TRIALACHA IAR-BHUNSCOILE

€4 ar gach triail a dhéantar

Ar fáil don Chéad Bhliain agus don Dara Bliain.

- An **Drumcondra Reasoning Test** (DRT) (**2016**) (do dhaltaí sa Chéad Bhliain).
  - Déantar Réasúnaíocht Bhriathartha a mheas (tuiscint, smaointeoireacht agus réasúnaíocht i bhfocail agus le focail), Inniúlacht Uimhearthachta (réasúnaíocht le huimhreacha agus gaol uimhriúil a ionramháil), agus scileanna réasúnaíochta foriomlána.
- An **Drumcondra Post-Primary Reading Test** (DPPRT) (**2016**) (do dhaltaí sa Dara Bliain).
  - Cuimsítear míreanna do fhoclóir léitheoireachta agus do thuiscint léitheoireachta, agus déantar na scileanna próisis chognaíoch is gá don léitheoireacht a mheas (Rochtain & Aisghabháil, agus Comhtháthú & Meastóireacht).
- An **Drumcondra Post-Primary Maths Test** (DPPMT) (**2016**) (do dhaltaí sa Dara Bliain).
  - Ailínithe le snáitheanna Shiollabas Matamaitice na Sraithe Sóisearaí 2016.
- **Triail Dhroim Conrach don Léitheoireacht Ghaeilge (Gaelcholáistí)** (TLGG) (**2015**) (dírithe ar dhaltaí ag deireadh na Dara Bliana).
  - Is triail chaighdeánaithe ar léitheoireacht na Gaeilge do dhaltaí sa dara bliain i nGaelcholáistí, aonaid lán-Ghaeilge agus sruthanna lán-Ghaeilge í an TLGG.

TUILLEADH TRIALACHA IAR-BHUNSCOILE AG TEACHT GO LUATH AR ERC DOTS

- An **Spatial and Abstract Reasoning Test** (SAR) (**2019**) (do dhaltaí sa Chéad Bhliain)
  - Comhdhéanta de cheithre chuid: Machnaimh & Rothlaithe, Líonta & Peirspictíochtaí, Tacair Cruthanna, agus Seichimh.
- An **Post-Primary Assessment and Diagnosis - English** (PPAD-E) **(2019)** (do dhaltaí sa Chéad Bhliain).
  - Is uirlis nua scagtha agus dhiagnóiseach é an PPAD-E chun scileanna litearthachta sa Bhéarla a mheas, a forbraíodh i gcomhpháirt leis an SNSO.
  - Tá an PPAD-E ar fáil mar mheasúnú páipéar-bhunaithe le riar san Fhómhar. Cuimsíonn ceannach sraith ábhar PPAD-E an rochtain ar an Uirlis Scórála agus Tuairiscithe ar an ardán DOTS, lena n-áirítear tuairiscí le scóir chaighdeánaithe do gach fothriail.
- **Triail Mhatamaitice Dhroim Conrach d'lar-bhunscoileanna** (TMDI) (**2016**) (dírithe ar dhaltaí ag deireadh na Dara Bliana).
  - Is triail ar ghnóthachtáil sa mhatamaitic atá bunaithe ar an gcuraclam í.